

# Treoir maidir le hÚsáid TCI i Suíomhanna Cúram Cónaithe

Lúnasa 2026

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Clár Ábhar


Réamhrá ... 6

Ionchais mhéadaithe phríobháideachta ... 7

An chríoch ar chuici a phróiseáiltear sonraí pearsanta trí TCI a úsáid ... 8

Riachtanas agus Comhréireacht ... 8

Bunús dleathach ... 9

Trédhearcacht ... 11

Beartas agus comharthaíocht TCI ... 12

Ceamaraí breathnóireachta beo-amhairc ... 13

Físfhaireachas ceilte ... 14

Teicneolaíochtaí eile faireacháin ... 14

Bearta teicniúla agus eagraíochtúla ... 15

Cearta daoine aonair ... 15

Píosaí Scannáin TCI a Nochtadh ... 16

Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí ... 17

Athbhreithniú leanúnach ... 19

## Gluais Téarmaí

| Téarma | Míniú |
|---|---|
| **Iarraidh ar rochtain** | Iarraidh a dhéanann duine aonair faoi Airteagal 15 RGCS chun deimhniú a fháil ó eagraíocht (i measc nithe eile) maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leis/léi á bpróiseáil agus, má tá na sonraí sin á bpróiseáil, chun rochtain a fháil ar a s(h)onraí pearsanta. |
| **Cumas** | An cumas atá ag duine a thuiscint cén uair atá cinneadh á dhéanamh agus cineál agus iarmhairtí an chinnidh sin i gcomhthéacs na roghanna atá ar fáil a thuiscint. Áirítear leis sin an cumas chun an fhaisnéis a bhaineann leis an gcinneadh a thuiscint, chun cuimhne a choinneáil ar an bhfaisnéis sin fada go leor chun cinneadh deonach a dhéanamh, chun an fhaisnéis sin a úsáid nó a chur sa mheá mar chuid den phróiseas cinnteoireachta, agus chun a c(h)inneadh a chur in iúl. Tá an míniú seo bunaithe ar alt 3 den Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015. |
| **Toiliú** | Ciallaíonn toiliú gur chomhaontaigh duine go soiléir le húsáid a s(h)onraí pearsanta. Ní mór an comhaontú a bheith tugtha faoi shaoirse agus ní mór é a bheith sonrach, feasach agus curtha in iúl trí ráiteas nó gníomh soiléir. |
| **Faireachas ceilte** | Ceamaraí ceilte nó gléasanna taifeadta ceilte a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar dhaoine aonair nó chun iad a thaifeadadh. |
| **Rialaitheoir sonraí** | Duine, cuideachta nó comhlacht eile a chinneann na críocha ar chucu a phróiseáiltear sonraí pearsanta agus na modhanna a úsáidtear chun déanamh amhlaidh. |

| | |
|---|---|
| **Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí** | Measúnú a dhéanann rialaitheoir sonraí ar an tionchar a bheidh ag oibríochtaí beartaithe próiseála ar chosaint sonraí pearsanta, i gcás gur dóigh go mbeadh ardriosca ag gabháil leis na hoibríochtaí próiseála sin i ndáil le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha. |
| **Na Rialacháin fán Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Modhnú Rochtana) (Sláinte), 2022** | Rialacháin náisiúnta lena bhforáiltear go bhféadfaidh rialaitheoir sonraí srian dleathach a chur leis an gceart atá ag duine aonair chun a s(h)onraí sláinte féin a rochtain. |
| **Ábhar sonraí** | Duine nádúrtha beo in-sainaitheanta is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch nó shóisialta an duine sin. |
| **RGCS** | Leagtar síos sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) rialacha agus oibleagáidí a bhaineann le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus rialacha a bhaineann le saorghluaiseacht sonraí pearsanta. Is píosa prionsabalbhunaithe reachtaíochta é lena gceadaítear d'eagraíochtaí de mhéideanna difriúla, a bhfuil cuspóirí difriúla acu, a gcuid próiseas agus nósanna imeachta féin a chinneadh agus a cheapadh ar mhaithe leis na cuspóirí faoi seach atá acu a bhaint amach, a luaithe a chloítear leis na bunphrionsabail atá leagtha amach sa dlí cosanta sonraí. |
| **Bunús dleathach** | An foras dleathach le sonraí pearsanta a phróiseáil, mar atá leagtha amach in Airteagal 6(1) RGCS (toiliú, comhlíonadh conartha, oibleagáid dhlíthiúil, leasanna |

| | |
|---|---|
| | ríthábhachtacha, cúram poiblí, agus leasanna dlisteanacha). |
| **Leasanna dlisteanacha** | Bunús dleathach lena gceadaítear sonraí pearsanta a phróiseáil nuair is gá sin ar mhaithe le leasanna dlisteanacha eagraíochta nó tríú páirtithe, ar choinníoll nach bhfuil sáraíocht ag leasanna nó cearta agus saoirsí an duine aonair ar na leasanna sin. |
| **Sonraí pearsanta** | Aon fhaisnéis faoi dhuine beo ina bhfuil an duine sin sainaitheanta nó in-sainaitheanta. |
| **Próiseáil** | Rud éigin a dhéanamh le sonraí pearsanta, amhail sonraí pearsanta a bhailiú, a thaifeadadh, a eagrú, a struchtúrú, a stóráil, a oiriúnú, a athrú, a aisghabháil, a cheadú, a úsáid, a nochtadh trí tharchur, a chomhroinnt/a chur ar fáil, a ailíniú nó a chomhcheangal, a shrianadh, a léirscriosadh nó a scriosadh. |
| **Cúram poiblí** | Bunús dleathach lena gceadaítear d'eagraíochtaí sonraí pearsanta a phróiseáil nuair is gá chun cúraimí a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó chun údarás oifigiúil a fheidhmiú. Ceanglaítear leis bunús dleathach soiléir faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoin dlí náisiúnta a bheith ann don phróiseáil. |
| **Suíomh cúram cónaithe** | Timpeallacht ina gcónaíonn daoine aonair agus ina bhfaigheann siad cúram, tacaíocht nó maoirseacht leanúnach, agus ina bhfuil ionchas méadaithe príobháideachta ann. |
| **Cumhdach** | Bearta a chuirtear i bhfeidhm chun seasamh leis na cearta atá ag aosaigh atá i mbaol (lena n-áirítear cearta cosanta sonraí), chun tacú lena sláinte agus lena bhfolláine, chun iad a chosaint ar dhíobháil agus an baol |

| | |
|---|---|
| | díobhála a laghdú, agus chun iad a chumhachtú iad féin agus na cearta atá acu a chosaint. |
| **Faireachas** | Faireachán nó breathnóireacht a dhéanamh ar dhaoine aonair trí cheamaraí nó gléasanna taifeadta a úsáid. |
| **Bearta teicniúla agus eagraíochtúla** | Rialuithe slándála, a cheanglaítear faoi Airteagal 32 RGCS, chun sonraí pearsanta a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe, ar chailleadh nó ar scriosadh. |
| **Leasanna ríthábhachtacha** | Bunús dleathach lena gceadaítear d'eagraíochtaí sonraí pearsanta a phróiseáil, i gcás gur gá déanamh amhlaidh chun leasanna ríthábhachtacha duine aonair a chosaint. |



## Réamhrá

Tá próiseáil sonraí pearsanta i gceist le húsáid a bhaint as teicneolaíochtaí físfhaireacháin amhail teilifís ciorcaid iata (TCI), a fhágann go dtagann an úsáid sin faoi raon feidhme an dlí cosanta sonraí. Is sonraí pearsanta iad íomhánna taifeadta nó píosaí scannáin físe taifeadta lena sainaithnítear duine aonair nó lena bhféadfaí duine aonair a shainaithint go réasúnach.

Tá an treoir seo dírithe ar eagraíochtaí a oibríonn suíomhanna cúram cónaithe ina gcónaíonn daoine agus ina bhfaigheann siad cúram nó tacaíocht. I gcás go gcinneann na heagraíochtaí sin na críocha ar chucu a phróiseáiltear sonraí pearsanta trí TCI, agus na modhanna a úsáidtear chun déanamh amhlaidh, gníomhaíonn siad mar rialaitheoirí sonraí agus tá siad freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an phróiseáil sin ceanglais RGCS.

Áirítear leis na heagraíochtaí sin, mar shampla, seirbhísí cónaithe meabhairshláinte, tithe altranais, ionaid chónaithe do dhaoine faoi mhíchumas, agus aonaid chúraim speisialta. Saintréith na suíomhanna sin is ea freagrachtaí leanúnacha cúraim, tacaíochta nó maoirseachta, mar aon le daoine aonair atá i mbaol nó atá spleách a bheith i láthair.

I dtimpeallachtaí den sórt sin, is féidir go mbeartófar TCI a úsáid mar fhreagairt d'ábhair imní a bhaineann le sábháilteacht, le cosaint, le folláine, le cumhdach, nó le himscrúdú a dhéanamh ar theagmhais shonracha. Is cineál an-ionsáiteach próiseála é TCI, áfach, go háirithe i dtimpeallachtaí a fheidhmíonn mar theach duine, mar áit cúraim, mar thimpeallacht foghlama nó mar áit oibre. Is é aidhm na treorach seo aird a tharraingt ar na tosca breise atá le cur san áireamh sna suíomhanna sin.

Tá an treoir seo á soláthar ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) chun cabhrú le rialaitheoirí sonraí a oibríonn suíomhanna cónaithe na dlíthe maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh. Forbraíodh í i gcomhar leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte agus is féidir í a léamh i gcomhar leis an gCód Cleachtais maidir le Teicneolaíochtaí Faireacháin Dhigitigh ón eagraíocht sin. Tabhair faoi deara nach comhairle dlí í an treoir ón gCoimisiún.


## Ionchais mhéadaithe phríobháideachta

Is féidir go dtiocfaidh suíomhanna cúram cónaithe chun bheith mar theach ag duine, cibé acu ar bhonn buan nó sealadach. Dá bhrí sin, is airde i bhfad na hionchais phríobháideachta sna suíomhanna sin ná i limistéir phoiblí nó thráchtála.

Cé gur féidir go dtiocfaidh suíomhanna cúram cónaithe chun bheith mar theach ag duine, ní teaghlach príobháideach iad. Mar thoradh air sin, ní fhéadfaidh na heagraíochtaí sin brath ar an díolúine tís faoi Airteagal 2(2)(c) RGCS, agus ní mór dóibh ceanglais RGCS a chomhlíonadh.

Tríd is tríd, níor cheart TCI a shuiteáil i limistéir ina mbeadh ionchas réasúnach ag daoine aonair go mbeadh leibhéal níos airde príobháideachta iontu, amhail seomraí leapa, seomraí folctha nó leithris, limistéir feistis, agus seomraí teiripe, comhairleoireachta nó cóireála.

Tá seomraí leapa agus seomraí folctha i measc na spásanna is íogaire ó thaobh príobháideachta de. Is thar a bheith ard atá an tairseach le haghaidh údar a thabhairt le TCI a úsáid i spásanna den sórt sin. Féach an Treoir uainn maidir le hÚsáid TCI do Rialaitheoirí Sonraí, ina dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna sin ar leathanach 21 go leathanach 27.



## An chríoch ar chuici a phróiseáiltear sonraí pearsanta trí TCI a úsáid

I gcás go bhfuil úsáid TCI á breithniú, ní mór d'eagraíochtaí an chríoch shonrach nó na críocha sonracha ar chuici nó ar chucu a phróiseálfar sonraí pearsanta a shainaithint agus a dhoiciméadú go soiléir. Níor cheart TCI a ghlacadh mar bheart gnáthaimh, mar bheart réamhchúraim ná mar bheart áisiúlachtbhunaithe. Tá sé tábhachtach an chríoch nó na críocha a shainaithint ón tús, sula gcuirfear tús leis an bpróiseáil.

Mar a cheanglaítear le RGCS, ní mór d'eagraíochtaí a bheith in ann a léiriú go bhfuil úsáid TCI riachtanach agus comhréireach chun críoch shonraithe, shainráite agus dhlisteanach a bhaint amach.

## Riachtanas agus Comhréireacht

Chun go mbeidh úsáid TCI riachtanach, is gá níos mó ná ábhar imní ginearálta nó creideamh ginearálta a bheith ann go bhféadfadh TCI a bheith úsáideach nó ina fhoinse faoisimh dá dtiocfadh saincheist chun cinn. Ní mór d'eagraíochtaí a bheith in ann a léiriú gur ann d'fhíor-shaincheist shonrach nach féidir aghaidh a thabhairt uirthi go réasúnach trí mhodhanna nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna a úsáid.

Sula gcinnfidh siad TCI a imscaradh, ba cheart d'eagraíochtaí bearta malartacha a bhreithniú, amhail coigeartuithe ar leibhéil soláthar foirne nó ar mhaoirseacht, athruithe ar shocruithe cúraim nó tacaíochta, rialuithe rochtana nó aláraim, oiliúint, nó idirghabhálacha eile cumhdaigh.

Ba cheart an úsáid TCI a bheith nasctha go soiléir le haghaidh a thabhairt ar shaincheist shainaitheanta, agus níor cheart brath uirthi in ionad cúram cuí, soláthar foirne cuí, maoirseacht chuí nó caidreamh cuí.

I gcás go meastar TCI a bheith riachtanach, ní mór a úsáid a bheith comhréireach freisin. Is féidir go n-áireofar leis sin a chinntiú:

- nach n-úsáidtear ach an líon íosta ceamaraí is gá chun an chríoch luaite a bhaint amach,

- go bhfuil an faireachán teoranta do shuíomhanna sonracha agus do thréimhsí ama sonracha,

- go bhfuil raon feidhme, feidhmiúlacht agus fad ama an fhaireacháin sainithe go soiléir,

- nach dtéann an faireachán thar a bhfuil riachtanach chun an chríoch luaite a bhaint amach, agus

- go bhfuil tréimhsí coinneála cuí agus bearta slándála cuí i bhfeidhm le haghaidh aon phíosaí scannáin a ghabhtar

## Bunús dleathach



Tá sé tábhachtach go sainaithneodh rialaitheoirí sonraí i gceart an bunús dleathach atá á úsáid acu do shonraí pearsanta a phróiseáil. I gcás eagraíochtaí a oibríonn TCI, gníomhaíonn siad mar rialaitheoirí sonraí, agus ní mór dóibh bunús dleathach don phróiseáil a shainaithint **sula** dtiocfaidh aon chóras TCI i mbun feidhme. Gan aon bhunús dleathach a bheith ann, níl aon údar ann le sonraí pearsanta a phróiseáil. Fágann sé sin go bhfuil an phróiseáil sin neamhdhleathach agus gur sárú ar an dlí cosanta sonraí í. Leagtar amach in Airteagal 6 RGCS liosta teoranta de na sé bhunús dhleathacha atá ann do shonraí pearsanta a phróiseáil, is iad sin: toiliú, conradh, oibleagáid dhlíthiúil, leasanna ríthábhachtacha, cúram poiblí, agus leasanna dlisteanacha.

I suíomhanna cúram cónaithe, is gnách go mbíonn sé míchuí brath ar thoiliú chun sonraí pearsanta a phróiseáil, mar gheall ar an éagothroime cumhachta agus na caidrimh spleáchais a bhíonn ann go minic. In imthosca den sórt sin, ní dóigh go dtabharfar toiliú faoi shaoirse, agus is féidir go mbeidh sé deacair nó dodhéanta diúltú toiliú a thabhairt gan aon iarmhairt a bheith ann.

Ag brath ar na himthosca, is mó seans go mbeidh eagraíochtaí ag brath ar chúram poiblí (i gcás go gceadaítear é sin leis an dlí), ar leasanna dlisteanacha nó ar leasanna ríthábhachtacha mar bhunús dleathach do TCI a úsáid. Is ar chríoch shonrach na próiseála a bheidh an bunús dleathach cuí ag brath.

I gcás go bhfuiltear ag brath ar chúram poiblí, ní mór an phróiseáil a bheith riachtanach chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir, i gcás go gceadaítear é sin le dlí an Aontais Eorpaigh nó leis an dlí náisiúnta.

I gcás go bhfuiltear ag brath ar leasanna dlisteanacha, ní mór an leas dlisteanach a bheith reatha agus fíor; ní fhéadfaidh sé a bheith samhailteach ná amhantrach. Ní mór d'eagraíochtaí atá ag brath ar leasanna dlisteanacha measúnú leasa dhlisteanaigh a dhéanamh agus a dhoiciméadú. Ba cheart féachaint ar an méid seo a leanas sa mheasúnú sin:

- cineál an leasa atá á shaothrú,
- cé acu atá nó nach bhfuil sé riachtanach sonraí pearsanta a phróiseáil ar an mbealach seo chun an leas dlisteanach sainaitheanta a bhaint amach, agus
- cé acu atá nó nach bhfuil sáraíocht ag an tionchar ar leasanna, cearta agus saoirsí na ndaoine aonair féin ar na leasanna sin.

I gcás go bhfuiltear ag brath ar leasanna ríthábhachtacha, ní mór an phróiseáil a bheith riachtanach chun leasanna ríthábhachtacha duine aonair a chosaint. Is dóigh go mbeidh feidhm ag an mbunús dleathach sin i gcásanna éigeandála, i gcás gur gá an phróiseáil a dhéanamh chun beatha duine a chosaint nó díobháil thromchúiseach a chosc.

I gcás go ngabhtar fostaithe le TCI freisin, ba cheart d'eagraíochtaí breithniú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an bunús dleathach sainaitheanta cuí sa chaidreamh idir an fostóir agus an fostaí agus chun na críche sonraí ar chuici a phróiseáiltear na píosaí scannáin.

Ní mór tábhacht ar leith a leagan ar leanaí nó daoine aonair eile atá i mbaol a bheith i láthair.

Tá tuilleadh faisnéise faoi na bunúis dhleathacha le sonraí pearsanta a phróiseáil ar fáil sa Treoir ón gCoimisiún maidir leis an mBunús Dlí le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil.




## Trédhearcacht

Tá trédhearcacht ar cheann de na croíphrionsabail den dlí cosanta sonraí faoi Airteagal 5 RGCS agus tá tábhacht ar leith ag baint léi i suíomhanna cúram cónaithe, áit a bhféadfadh cumas teoranta a bheith ag daoine aonair úsáid físfhaireacháin a thuiscint, a sheachaint nó a cheistiú.

Ní mór d'eagraíochtaí a chinntiú go soláthraítear faisnéis shoiléir inrochtana faoi úsáid TCI, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:

- céannacht an rialaitheora sonraí;
- an chríoch ar chuici a úsáidtear TCI;

- na limistéir atá faoi fhaireachas;

- cé a oibríonn an córas agus cé a fhéadfaidh rochtain a fháil ar phíosaí scannáin;

- cá fhad a choinnítear píosaí scannáin;

- cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí píosaí scannáin a nochtadh do thríú páirtithe; agus

- conas a fhéadfaidh daoine aonair a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú.

Sna suíomhanna seo, is gnách go mbeidh níos mó ná comharthaíocht amháin ag teastáil chun trédhearcacht a bhaint amach. Ba cheart faisnéis a sholáthar i bhformáid atá inrochtana agus cuí do riachtanais, cumas agus leibhéal tuisceana na ndaoine lena mbaineann.

## Beartas agus comharthaíocht TCI



Ba cheart d'eagraíochtaí a úsáideann TCI i suíomhanna cúram cónaithe beartas soiléir scríofa a bheith i bhfeidhm acu ina leagtar amach conas a oibríonn an córas agus cé na coimircí atá i bhfeidhm. Cabhraíonn sé sin lena chinntiú go n-úsáidtear TCI go comhsheasmhach, chun na críche beartaithe, agus chun na críche sin amháin, agus ar bhealach atá intuigthe ag daoine.

Ba cheart a mhíniú sa bheartas cén fáth a bhfuil TCI á úsáid, cá bhfuil na ceamaraí suite, cé atá freagrach as an gcóras, cé na daoine a bhfuil rochtain acu ar na píosaí scannáin, cá fhad a choinnítear taifeadtaí, agus conas a fhéadfaidh daoine aonair a gcearta a fheidhmiú. Ba cheart a leagan amach ann freisin cé na cásanna ina bhféadfaí píosaí scannáin a chomhroinnt le tríú páirtithe agus cé na bearta atá i bhfeidhm chun píosaí scannáin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe nó ar mhí-úsáid.

Ba cheart an beartas a bheith ar fáil do chónaitheoirí, d'úsáideoirí seirbhíse, do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí dlíthiúla, do bhaill foirne, agus do dhaoine eile ar féidir go ndéantar difear dóibh. Tá sé thar a bheith tábhachtach go soláthrófaí

faisnéis ar bhealach atá intuigthe go réasúnach ag daoine, agus aois, cumas agus riachtanais chumarsáide á gcur san áireamh.

Cuid bhunriachtanach eile de thrédhearcacht is ea comharthaíocht shoiléir. Ba cheart a chur in iúl do dhaoine de ghnáth go bhfuil TCI i mbun feidhme sula rachaidh siad isteach i limistéar atá faoi fhaireachas. Ba cheart comharthaí a chur in áiteanna atá le feiceáil go soiléir, amhail ag bealaí isteach agus laistigh de limistéir a ghabhtar le ceamaraí, agus ba cheart iad a bheith soléite agus sothuigthe.

Ar a laghad, ba cheart a léiriú ar chomharthaí go bhfuil TCI in úsáid, ba cheart an eagraíocht atá freagrach as an gcóras a shainaithint orthu, agus ba cheart a mhíniú orthu conas is féidir tuilleadh faisnéise a fháil. Is annamh, áfach, a bheidh comharthaíocht agus comharthaíocht amháin leordhóthanach i suíomhanna cúram cónaithe. Ba cheart d'eagraíochtaí faisnéis níos mine a sholáthar freisin trí bheartais, trí fhógraí príobháideachta nó, i gcás gurb infheidhme, ar a suíomh Gréasáin.

## Ceamaraí breathnóireachta beo-amhairc

I gcás roinnt córas ceamaraí, is féidir nach n-úsáidfear iad ach amháin chun beoshruth a sholáthar, agus ní chun píosaí scannáin a thaifeadadh ná a stóráil. I gcás nach bhfuil píosaí scannáin á dtaifeadadh ná á gcoinneáil, níl próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis an úsáid faireacháin beo-amhairc, agus níl feidhm ag oibleagáidí cosanta sonraí maidir leis an úsáid sin.

Mar sin féin, ba cheart d'eagraíochtaí daoine aonair a chur ar an eolas go soiléir faoi cé acu atá nó nach bhfuil faireachán beo, agus faireachán beo amháin, á dhéanamh ar na ceamaraí nó ar cé acu atá nó nach bhfuil na píosaí scannáin sin á dtaifeadadh nó á stóráil freisin.

I gcás go n-úsáidtear faireachán beo-amhairc, ba cheart d'eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtaifeadann baill foirne píosaí scannáin trí úsáid a bhaint as gléasanna oifigiúla nó pearsanta. Moltar go gcuirfí oiliúint chuí ar bhaill foirne a bhfuil rochtain acu ar bheoshruthanna agus nach dtabharfaí rochtain ach amháin

dóibh sin a dteastaíonn an rochtain sin uathu dá ról. Ina theannta sin, níor cheart monatóirí a úsáidtear chun amharc ar TCI ar bhonn beo a chur i limistéir a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu ná níor cheart iad a bheith le feiceáil ó na limistéir sin.

I gcás gur féidir faireachán beo-amhairc a rochtain go cianda, ba cheart d'eagraíochtaí a bhreithniú an bhfuil an rochtain sin riachtanach agus ba cheart dóibh beartais shoiléire a bheith i bhfeidhm acu maidir le cianrochtain. Níor cheart úsáid gléasanna pearsanta chun beoshruthanna a rochtain a cheadú ach amháin i gcás go bhfuil an úsáid sin riachtanach agus údaraithe agus go bhfuil bearta slándála cuí ag gabháil léi.

## Físfhaireachas ceilte

Is é atá i gceist le faireachas ceilte ná úsáid a bhaint as ceamaraí nach bhfuil daoine aonair ar an eolas fúthu. Ós rud é go mbaineann sé le daoine aonair a thaifeadadh i ngan fhios dóibh, is rud an-ionsáiteach é faireachas ceilte agus ní bheidh sé cuí ach amháin in imthosca annamha eisceachtúla.

Tá tuilleadh faisnéise faoi úsáid físfhaireachais cheilte ar fáil sa Treoir ón gCoimisiún maidir le hÚsáid TCI do Rialaitheoirí Sonraí.

## Teicneolaíochtaí eile faireacháin

Is féidir go mbainfidh roinnt suíomhanna cúram cónaithe úsáid as teicneolaíochtaí eile faireacháin freisin, lena n-áirítear gléasanna cliste, braiteoirí agus teicneolaíochtaí inchaite, ach gan a bheith teoranta dóibh. Is dóigh go mbeidh próiseáil sonraí pearsanta i gceist le húsáid na dteicneolaíochtaí sin, a fhágann go bhfuil feidhm ag an dlí cosanta sonraí maidir leo.

I gcás go bhfuil gnéithe IS-chumasaithe ar áireamh i dteicneolaíochtaí, ba cheart d'eagraíochtaí a chinntiú go dtuigeann siad aon oibleagáidí dlíthiúla breise a bhfuil feidhm acu, lena n-áirítear oibleagáidí faoin dlí cosanta sonraí, agus go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí sin.

Sula dtabharfar teicneolaíochtaí eile faireacháin isteach, ba cheart d'eagraíochtaí a mheasúnú go cúramach an bhfuil a n-úsáid riachtanach agus comhréireach agus an bhféadfaí an cuspóir céanna a bhaint amach trí bhearta nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna a úsáid.

## Bearta teicniúla agus eagraíochtúla

Ní mór d'eagraíochtaí bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun a chinntiú go bhfuil córais TCI slán agus rialaithe. Is féidir go n-áireofar leo sin srian a chur le suíomh agus uillinneacha ceamaraí, faireachán leanúnach a sheachaint, fuaim a dhíchumasú, rialuithe láidre rochtana a chur i bhfeidhm, oiliúint foirne a sholáthar, rochtain ar phíosaí scannáin a thaifeadadh, nósanna imeachta soiléire a bhunú maidir le nochtadh agus scriosadh, agus coimircí a chur i bhfeidhm chun úsáid thánaisteach neamhúdaraithe a chosc.

In éagmais coimircí iomchuí, is féidir go mbeidh riosca méadaithe ann go n-úsáidfear TCI thar an gcríoch bheartaithe bhunaidh.

## Cearta daoine aonair

Tá daoine aonair ina n-ábhair sonraí chun críocha an dlí cosanta sonraí, agus is ag gach ábhar sonraí atá cearta faoi Airteagail 12-22 RGCS. Ní dearbhchearta iad na cearta sin, áfach. Agus TCI á úsáid, is gnách go dtéitear i bhfeidhm ar roinnt de na cearta atá ag daoine aonair a ngabhtar a sonraí pearsanta i bpíosaí scannáin.

Féadfaidh na daoine aonair féin, tuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla atá ag gníomhú thar ceann linbh, nó daoine a bhfuil údarás dlíthiúil acu gníomhú thar ceann an ábhair sonraí, iarrataí a dhéanamh.

Ní mór d'eagraíochtaí nósanna imeachta soiléire a bheith i bhfeidhm acu le haghaidh iarrataí ar chearta a fheidhmiú a láimhseáil. Áirítear an méid seo a leanas leis sin: a shainaithint cén uair a rinneadh iarraidh; céannacht an iarrthóra a dheimhniú (nuair is gá); aon údarás chun gníomhú thar ceann duine eile a fhíorú; píosaí scannáin ábhartha a aimsiú; cearta sonraí agus

príobháideacht daoine eile atá gafa sna píosaí scannáin a chosaint; agus freagra a thabhairt laistigh de na creataí ama riachtanacha – is é sin, laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil de ghnáth.

Mar shampla, is é a bhíonn i gceist le freagra a thabhairt ar iarraidh rochtana de ghnáth ná cóip de na píosaí scannáin a sholáthar i bhfísfhormáid. I gcás go bhfuil daoine aonair eile le feiceáil sna píosaí scannáin, is gá don eagraíocht a bhreithniú an ndéanfadh eisiúint na bpíosaí scannáin aon dochar do na cearta nó na saoirsí atá ag tríú páirtithe a d'fhéadfadh a bheith le feiceáil sna píosaí scannáin freisin.

Tá an ceart chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta ar sonraí liachta iad sonraithe tuilleadh sna Rialacháin fán Acht um Chosaint Sonraí (Modhnú Rochtana) (Sláinte), 2022 (I.R. Uimh. 121/2022). Cé go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás píosaí scannáin TCI i suíomhanna cónaithe meabhairshláinte, tá feidhm aige maidir le gach rialaitheoir sonraí. Faoi na rialacháin sin, ní mór don eagraíocht a mheasúnú an ndéanfadh eisiúint na bpíosaí scannáin TCI aon díobháil thromchúiseach do shláinte fhisiciúil nó mheabhrach an ábhair sonraí. Má mheasann an eagraíocht go ndéanfadh eisiúint na bpíosaí scannáin TCI díobháil den sórt sin, féadfaidh sí srian a chur leis an eisiúint trí bhrath ar an díolúine dá bhforáiltear sna Rialacháin Sláinte. I gcás go gcuirtear srian le rochtain, ní mór don eagraíocht freagra a thabhairt ar an iarraidh ón duine aonair. Sa fhreagra sin, ba cheart di míniú a thabhairt ar an srian agus ar an gceart atá ag an duine aonair gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

## Píosaí Scannáin TCI a Nochtadh

In imthosca áirithe, féadfaidh tríú páirtithe, a bhfuil bunús dleathach nó údarás dlíthiúil acu le hiad a iarraidh, píosaí scannáin TCI i suíomhanna cúram cónaithe a lorg. Is féidir go dtiocfaidh iarrataí chun cinn ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear ábhair imní maidir le cumhdach nó cosaint leanaí, imscrúdú ar sháruithe líomhnaithe coiriúla nó rialála, nó imeachtaí dlí.

Ní mór aghaidh a thabhairt go cúramach ar aon nochtadh. Ní nochtar píosaí scannáin TCI go huathoibríoch agus, chun déanamh amhlaidh, ní mór bunús dlí

soiléir a bheith ann don nochtadh, ní mór an nochtadh a bheith riachtanach agus comhréireach, agus ní mór an nochtadh a bheith teoranta dá bhfuil fíor-riachtanach chun na críche sonraí.

Sula nochtfar píosaí scannáin TCI ina bhfuil sonraí pearsanta, ba cheart d'eagraíochtaí na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- an chríoch ar chuici atá an iarraidh á déanamh
- an bunús dlí a bhfuiltear ag brath air
- an bhfuil an nochtadh riachtanach
- an féidir an nochtadh a theorannú
- an tionchar ar chearta agus leasanna daoine aonair eile atá gafa sna píosaí scannáin

I gcás go bhfuil údar ann leis an nochtadh, ní mór an nochtadh a dhéanamh ar bhealach slán agus ba cheart na cinntí a bhí taobh thiar den nochtadh a dhoiciméadú go soiléir.


## Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí

Beidh measúnú tionchair ar chosaint sonraí ag teastáil i bhformhór mór na gcásanna le haghaidh TCI a úsáid i suíomhanna cúram cónaithe agus i suíomhanna den chineál céanna.

I measúnú tionchair ar chosaint sonraí, féachtar ar phrionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, ar an mbunús dleathach don phróiseáil, ar leasanna dlisteanacha (i gcás gurb infheidhme), agus ar rioscaí do na daoine aonair lena mbaineann. Ba cheart é a úsáid mar fhíoruirlis cinnteoireachta, agus ní mar chleachtadh ticbhosca.

I roinnt cásanna, is féidir gurb é an toradh a bheidh ar an measúnú ná a chinneadh nár cheart dul ar aghaidh leis an úsáid bheartaithe TCI, go háirithe i gcás nach féidir rioscaí do dhínit nó folláine daoine aonair a mhaolú go himleor.

Is féidir le heagraíochtaí an teimpléad le haghaidh measúnú tionchair ar chosaint sonraí atá tugtha san Fhoireann Uirlisí maidir le Cumhdach Aosach a úsáid agus é oiriúnú, de réir mar is cuí. Is féidir freisin gur fiú d'eagraíochtaí breathnú ar an seicliosta TCI atá sa Treoir ón gCoimisiún maidir le hÚsáid TCI agus iad ag déanamh breithniú ar na himpleachtaí cosanta sonraí a bhaineann le TCI a shuiteáil.




I gcás gur cuí, tá fiúntas ag baint le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha mar chuid de phróiseas an mheasúnaithe tionchair ar chosaint sonraí, go háirithe iad sin a ndéanfaidh an phróiseáil difear dóibh. I gcomhthéacs TCI a imscaradh i suíomhanna cúram cónaithe, is féidir go n-áireofar leis na geallsealbhóirí sin cónaitheoirí nó a dtathantóirí, mar aon le baill foirne nó a gcomhlachtaí ionadaíocha. Is é an cuspóir atá leis sin deis a thabhairt do gheallsealbhóirí ábhair imní a chur in iúl maidir le riosca, agus deis a thabhairt aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin.

Is féidir le caidreamh cabhrú le rioscaí a shainaithint, le hionchais réasúnacha phríobháideachta a thuiscint, le roghanna eile nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna a iniúchadh, agus le bonn eolais a chur faoi mheasúnuithe ar riachtanas agus ar chomhréireacht.

## Athbhreithniú leanúnach

Ba cheart an úsáid TCI agus an measúnú tionchair ar chosaint sonraí a choinneáil faoi athbhreithniú tráthrialta chun a chinntiú go mbíonn an úsáid TCI riachtanach agus comhréireach i gcónaí. I gcás nach bhfuil feidhm ag an údar bunaidh a thuilleadh, ní mór stop a chur láithreach le sonraí pearsanta a phróiseáil trí TCI.